AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2022
COM(2022) 737 final

2022/0427 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10155/21; ST 10155/21 ADD 1) ón gComhairle maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas

2022/0427 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10155/21; ST 10155/21 ADD 1) ón gComhairle maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 18(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis do Lucsamburg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('RRP') a thíolacadh an 30 Aibreán 2021, bheartaigh an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha ó gach Ballstát a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 11 Samhain 2022, chuir Lucsamburg a RRP nuashonraithe féin faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP nuashonraithe, i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Déanann an nuashonrú a chuir Lucsamburg isteach difear don infheistíocht i Scileanna Digiteacha faoi Chomhchuid 1A agus do na clocha míle agus na spriocanna ar a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 1A-6 go 1A-8, ('Oiliúint, Uas-sciliú agus Athoiliúint').

(5) An infheistíocht i Scileanna Digiteacha, a bhaineann le sraith cúrsaí ríomhfhoghlama maidir le scileanna digiteacha, cúrsaí atá dírithe ar fhostaithe a chuirtear ar socruithe

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST10155/21; ST 10155/21 ADD 1, nár foilsíodh fós.

maidir le hobair ghearr-ama idir Eanáir agus Márta 2021, baintear an infheistíocht sin de RRP nuashonraithe Lucsamburg. Ba cheart an tuairisc ar an infheistíocht i Scileanna Digiteacha, sprioc 1A-6 agus clocha míle 1A-7 agus 1A-8 a bhaint de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021.

(6) An t-athrú an-teoranta a chuir Lucsamburg ar aghaidh, ní dhéanann sé difear do mheasúnú dearfach ar an RRP, maidir lena ábharthacht, a éifeachtacht, a éifeachtúlacht agus a chomhleanúnachas.

(7) Go háirithe, maidir le critéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (b), d'ainneoin gur baineadh an infheistíocht i Scileanna Digiteacha as, tugann an RRP nuashonraithe aghaidh i gcónaí ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid Lucsamburg in 2019 agus 2020, lena n-áirítear maidir le beartais mhargadh an tsaothair agus maidir leis an aistriú digiteach. Is ann go fóill do bhearta digiteacha san RRP nuashonraithe, lena n-áirítear bearta maidir le huas-sciliú agus athoiliúint. Go háirithe, cuireann an clár FutureSkills scileanna boga agus scileanna digiteacha agus bainistíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus sprioc thiomnaithe do chuardaitheoirí poist atá 45 bliana d'aois agus níos sine aige. Tá an t-athchóiriú 'Skillsdësch' dírithe ar chláir ghairmoiliúna ('Droichid Scileanna') a dhearadh lena gcabhrófar le hoibrithe agus le cuardaitheoirí poist a n-infhostaitheacht a fheabhsú le linn an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Ina theannta sin, leis an RRP nuashonraithe coinnítear ar bun roinnt infheistíochtaí i ndigitiú agus i nuálaíocht a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach i réimsí an chúraim sláinte agus na seirbhísí poiblí, lena n-áirítear trí bhonneagar cumarsáide sárdhaingean a fhorbairt.

(8) Thairis sin, maidir le critéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (e), agus an ranníocaíocht uasta airgeadais laghdaithe agus an RRP nuashonraithe á gcur san áireamh, is é 68.8 % de leithdháileadh iomlán an RRP nuashonraithe atá sna bearta a rannchuidíonn go héifeachtach leis an aistriú glas agus, i gcomparáid le 60.9 % den RRP tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Thairis sin, maidir leis an gcritéar measúnaithe in Airteagal 19(3), pointe (f), is é atá sna bearta a rannchuidíonn go héifeachtach leis an aistriú digiteach méid arb é 29.6% de leithdháileadh iomlán an RRP nuashonraithe é, i gcomparáid le 31.6 % de RRP tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(10) Maidir le critéir mheasúnaithe Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (d), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241, ní dhéanann modhnuithe teoranta an RRP difear don mheasúnú dearfach ar an bplean tosaigh.

(11) Tar éis mheasúnú dearfach an Choimisiúin maidir le RRP nuashonraithe Lucsamburg agus an toraidh a bhí air go gcomhlíonann an RRP na critéir le haghaidh measúnú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na leasuithe ar na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP nuashonraithe a chur san áireamh a leagan amach sa Chinneadh seo.

(12) Is é EUR 88 354 077 costas iomlán measta RRP nuashonraithe Lucsamburg. Ós rud é go gcomhlíonann an RRP nuashonraithe na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an RRP níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais

nuashonraithe atá ar fáil i gcás Lucsamburg, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh RRP nuashonraithe Lucsamburg a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil i gcás Lucsamburg.

(13) Dá bhrí sin, i dtaca le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnamh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas, ba cheart é a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dá bhrí sin, leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnamh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas, mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

Formheastar an measúnú ar RRP nuashonraithe Lucsamburg a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil do Lucsamburg i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 82 670 643[3]. Beidh an méid EUR 76 625 886 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh an méid breise EUR 6 044 757 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil do Lucsamburg i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

(3) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) Roinn 1: Leasaítear Athchóirithe agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leanas:

(i) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; A. Comhchuid 1A: Oiliúint, Uas-Sciliú agus Athoiliúint, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

[3] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach Lucsamburg de speansas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

‘Cuireann clár oiliúna, an clár FutureSkills, scileanna ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus sprioc thiomnaithe do chuardaitheoirí poist atá 45 bliana d’aois nó níos sine aige.’;

(ii) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; A. Comhchuid 1A: Oiliúint, Uas-sciliú agus Athoiliúint; A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, scriostar an pointe ‘Infheistíocht 2: Scileanna Digiteacha’;

(iii) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; A. Comhchuid 1A: Oiliúint, Uas-sciliú agus Athoiliúint; A.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus amchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, scriostar rónna 1A-6, 1A-7 agus 1A-8;

(iv) i bpointe 2. Costas measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre:

> ‘Is é EUR 88 354 077 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta do Lucsamburg.’

(b) Roinn 2: Leasaítear Tacaíocht Airgeadais mar a leanas:

(i) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.1 An Chéad Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), scriostar rónna 1A-6, 1A-7 agus 1A-8;

(ii) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.1 An Chéad Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 24 858 611’ in ionad Mhéid na Tráthchoda ‘EUR 29 858 611’ sa ró deiridh sa cholún deiridh;

(iii) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 22 228 500’ in ionad Mhéid na Tráthchoda ‘EUR 24 413 757’ sa ró agus colún deiridh;

(iv) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 16 959 033’ in ionad Mhéid na Tráthchoda ‘EUR 18 626 256’ sa ró deiridh sa cholún deiridh;

(v) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 11 517 256’ in ionad Mhéid na Tráthchoda ‘EUR 12 649 505’ sa ró deiridh sa cholún deiridh;

(vi) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, 1.5 An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 7 107 243’ in ionad an Mhéid na Tráthchoda ‘EUR 7 805 947’ sa ró deiridh sa cholún deiridh.

Airteagal 2
Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán